AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.11.2024
COM(2024) 552 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

An Chéad Tuarascáil Dhébhliantúil Trédhearcachta ón Aontas Eorpach chuig Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (arna ceangal faoin gCreat Trédhearcachta Feabhsaithe)

{SWD(2024) 273 final}

1. Réamhrá agus achoimre feidhmiúcháin

Tá an téamh domhanda antrapaigineach ag leanúint ar aghaidh ar luas brostaithe agus tá tionchar á imirt aige ar réigiúin uile an domhain, agus an Eoraip ag téamh ar ráta atá dhá oiread an mheánráta dhomhanda[1]. Chun an téamh a theorannú go dtí an sprioc teochta 1.5°°C a leagadh amach faoi Chomhaontú Pháras, ní mór astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda an buaicleibhéal a bhaint amach roimh 2025 ar a dhéanaí agus iad a laghdú 43 % faoi 2030[2]. Tá an t-athrú aeráide ina chúis le drochthionchair fhorleathana. Tá an Eoraip i mbaol tonnta teasa níos déine agus níos minice, triomaigh fhada, frasaíocht níos déine, meánluasanna gaoithe níos ísle agus níos lú sneachta.

Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit tiomanta do ghníomhaíocht uaillmhianach mar fhreagairt ar na bagairtí a bhaineann leis an athrú aeráide. Tá gach ceann de 27 mBallstát an Aontais tiomanta d'Aontas aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050, i gcomhréir le Comhaontú Pháras. Dhaingnigh siad Comhaontú Pháras i mí Dheireadh Fómhair 2016 agus sprioc chomhpháirteach cheangailteach acu laghdú 40 % ar a laghad a dhéanamh ar ghás ceaptha teasa (astaíochtaí GCT) ar fud an gheilleagair faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 1990. Tar éis na treoraíochta ón gComhairle Eorpach, i mí na Nollag 2022 thíolaic an tAontas sprioc aeráide nua agus níos uaillmhianaí don Aontas agus dá 27 mBallstát maidir le glanlaghdú intíre 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 i gcomparáid le 1990, rud a léiríonn uaillmhian agus tiomantas níos mó chun Comhaontú Pháras a bhaint amach.

Is iad an tuarascáil seo agus an Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann léi an chéad Tuarascáil Dhébhliantúil Trédhearcachta ón Aontas Eorpach. D'ullmhaigh an Coimisiún an tuarascáil seo bunaithe ar na treoirlínte a ghlac Creat Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), Comhaontú Pháras, agus Airteagal 29.5(a) de Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide[3]. Roghnaigh an tAontas a fhardal náisiúnta gás ceaptha teasa le haghaidh 2024 a thíolacadh mar thuarascáil neamhspleách.

Léiríonn na figiúirí fardail is déanaí gur lean astaíochtaí GCT an Aontais de bheith ag titim, le glanlaghdú 32.6 % faoi 2022 i gcomparáid le 1990, rud a léiríonn an dul chun cinn i dtreo a spriocanna. Cuirtear faisnéis mhionsonraithe ar fáil sa tuarascáil seo maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa in 2022 agus léirítear inti dul chun cinn an Aontais maidir lena Rannchuidiú arna Chinneadh go Náisiúnta (NDC) a chur chun feidhme agus a bhaint amach faoi Chomhaontú Pháras. I gCaibidil 3, cuirtear i láthair beartais agus bearta maolaithe an Aontais, lena n-áirítear an pacáiste reachtaíochta 'Oiriúnach do 55' a glacadh in 2023 lena neartaítear beartais agus bearta chun cur ar chumas an Aontais sprioc nuashonraithe 2030 a bhaint amach agus lena léirítear réamh-mheastacháin ar astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa. Ansin, i gCaibidil 4, leagtar amach straitéis an Aontais chun oiriúnú do thionchair an athraithe aeráide agus chun athléimneacht a fhorbairt. I gCaibidil 5, cuirtear i láthair sa tuarascáil an tacaíocht a chuireann institiúidí an Aontais ar fáil do thíortha i mbéal forbartha.

1 Clár Copernicus: an tseirbhís um an athrú aeráide (C3S), 2024: *Staid na hAeráide san Eoraip 2023*, Achoimre, lch. 23:
https://doi.org/10.24381/bs9v-8c66

2 An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), 2023: Achoimre le haghaidh Lucht Déanta Beartas. In: *Climate Change 2023: Synthesis Report. Contribution of Working Groups I, II and III to the Sixth Assessment Report of the Intergovernmental Panel on Climate Change [Core Writing Team, H. Lee and J. Romero (eds.)]*. [An t-Athrú Aeráide 2023: Tuarascáil Sintéise. Ionchur Mheithleacha I, II agus III leis an Séú Tuarascáil Mheasúnachta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide [Foireann Lárnach Scríbhneoireachta, H. Lee agus J. Romero (eagarthóirí)]]. IPCC, an Ghinéiv, an Eilvéis, lgh. 1-34, doi: 10.59327/IPCC/AR6-9789291691647.001


3 Rialachán - 2018/1999 - GA - EUR-Lex (europa.eu)

Ar deireadh, i gCaibidil 6, tá faisnéis inti faoin gcaoi a bhfuil an tAontas ag cur feabhas ar chomhsheasmhacht sreafaí airgeadais le conair i dtreo astaíochtaí ísle GCT agus forbairt aeráid-díonach.

1.1 Astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa

Tá laghdú tagtha ar astaíochtaí iomlána GCT san Aontas le blianta beaga anuas mar gheall ar an laghdú ar úsáid guail, ar dhícharbónú méadaitheach gheilleagar an Aontais trí fhuinneamh in-athnuaite a leathnú go tapa, ar dhul chun cinn maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus ar bheartais uaillmhianacha maidir le maolú ar an athrú aeráide. Idir 1990 agus 2022, tháinig laghdú 32.6 % ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa. Leis na glanastaíochtaí sin, eisiatar astaíochtaí ón eitlíocht agus ón loingseoireacht idirnáisiúnta ('buncair idirnáisiúnta') agus áirítear leo astaíochtaí agus aistrithe ón earnáil Úsáide Talún, Athraithe ar Úsáid Talún agus Foraoiseachta (ÚTAÚTF), arb é atá inti glanlinn, ach atá ag laghdú, le haghaidh astaíochtaí GCT san Aontas.

Fíor 1: Astaíochtaí/aistrithe GCT san Aontas de réir earnála, 1990 go 2022



Foinse: Fardal Bliantúil GCT an Aontais Eorpaigh 1990-2022

In 2022, ba í an earnáil fuinnimh ba chúis le 77 % d'astaíochtaí GCT (gan ÚTAÚTF a áireamh), agus ina dhiaidh sin talmhaíocht (11 %), próisis thionsclaíocha agus úsáid táirgí (9 %) agus an earnáil dramhaíola (3 %). Is é dé-ocsaíd charbóin an príomhGCT, agus is í is cúis le 81 % d'astaíochtaí. Is é meatán is cúis le 12 % d'astaíochtaí; ocsaíd nítriúil, 5 %; agus gáis fhluairínithe, 2 %.

1.2 Dul chun cinn i dtreo sprioc an rannchuidithe arna chinneadh go náisiúnta de chuid an Aontais (NDC)


Faoi Chomhaontú Pháras, tá gealltanas tugtha ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit sprioc uaillmhianach a bhaint amach maidir le glanastaíochtaí GCT a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 1990. Leagtar síos sa Dlí Aeráide Eorpach[46] sprioc na haeráidneodrachta

faoi 2050 agus an sprioc idirmheánach maidir le glanastaíochtaí GCT a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990. Cumhdaítear leis na spriocanna sin astaíochtaí agus aistrithe a rialaítear i ndlí an Aontais.

Tugtar tuairisc ar NDC an Aontais i dtíolacadh an Aontais an 17 Deireadh Fómhair 2023 chuig UNFCCC. Is sprioc ghlanlaghdaithe ar fud an gheilleagair é NDC an Aontais lena n-áirítear glan-aistrithe ó earnáil ÚTAÚTF agus astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí eitlíochta agus muiriompair idirnáisiúnta arna rialú mar a leagtar amach le haghaidh 2030 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí. Dá bhrí sin, áirítear le NDC an Aontais astaíochtaí ón eitlíocht idirnáisiúnta agus ón muiriompar idirnáisiúnta. Bainfear an sprioc sin amach ar bhonn intíre (i.e. laistigh den Aontas), gan creidmheasanna idirnáisiúnta a úsáid.

Sa chéad tuarascáil dhébhliantúil trédhearcachta seo, tuairiscíonn an tAontas ar an dul chun cinn atá déanta aige i dtreo a sprioc NDC a bhaint amach. Ós rud é go n-áirítear sa sprioc NDC sin astaíochtaí sonracha ón eitlíocht idirnáisiúnta agus ó mhuiriompar idirnáisiúnta, tá a raon feidhme níos leithne ná raon feidhme an fhardail náisiúnta astaíochtaí GCT cé go bhfuil sé níos cúinge ná sprioc 2030 an Aontais faoin Dlí Aeráide a mhéid a bhaineann le heitlíocht agus muiriompar. I bhfianaise raon feidhme NDC, tá laghdú 31.8 % tagtha ar astaíochtaí idir 1990 agus 2022.

Fíor 2: Astaíochtaí faoi raon feidhme NDC in 1990 agus 2022



Chun an sprioc maidir le laghdú 55 % ar a laghad a bhaint amach faoi 2030, tá gá le tuilleadh laghduithe ar astaíochtaí. Chuige seo, tá creat cuimsitheach curtha i bhfeidhm ag an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit maidir le beartais nua agus feabhsaithe, ar a dtugtar an pacáiste 'Oiriúnach do 55'. Féachtar sa phacáiste le luas a chur faoi laghdú astaíochtaí sna hearnálacha a chumhdaítear le córas trádála astaíochtaí an Aontais (CTA AE) agus na cinn a chumhdaítear leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, agus chun aistrithe carbóin a mhéadú in earnáil ÚTAÚTF.

1.3 Beartais agus bearta maolaithe

Is sraith beartas é creat aeráide agus fuinnimh 2030 de chuid Aontais Eorpaigh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an tAontas agus a Bhallstáit a ngealltanais maidir le maolú ar an athrú aeráide faoi Chomhaontú Pháras. Rialaítear an creat sin leis an Dlí Aeráide Eorpach, lena n-áirítear sprioc aeráide 2030 atá níos uaillmhianaí, forálacha chun sprioc aeráide 2040 a fhorbairt, agus an sprioc maidir le haeráidneodracht faoi 2050.

Is bunchloch de chreat aeráide agus fuinnimh 2030 é córas trádála astaíochtaí an Aontais (CTA AE). Cuireann sé praghas ar charbón trí chaidhp a shocrú ar an líon uasta lamháltas astaíochtaí

san earnáil fuinnimh agus san earnáil tionsclaíochta, agus le haghaidh eitiltí sonracha agus muiraistir shonracha in iompar eitlíochta agus i muiriompar. Ní mór astaíochtaí GCT ó na hearnálacha sin a laghdú 62 % faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2005. Thairis sin, leathnófar trádáil astaíochtaí san Aontas chun astaíochtaí ó dhóchán breosla i bhfoirgnimh, in iompar de bhóthar agus in earnálacha breise (tionscail bheaga nach gcumhdaítear le CTA AE atá ann cheana den chuid is mó) a chumhdach ó 2027 ar aghaidh trí Chiste Aeráide Sóisialta a chruthú, arna mhaoiniú trí cheantáil na lamháltas astaíochtaí chun tacú leis na teaghlaigh agus na micrifhiontair is leochailí. Socrófar an chaidhp chun astaíochtaí ó na hearnálacha sin a laghdú 42 % faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2005.

Leagtar síos sa Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill spriocanna aonair ceangailteacha maidir le laghdú astaíochtaí do Bhallstáit an Aontais i gcás astaíochtaí in earnálacha lasmuigh de CTA AE agus d'earnáil ÚTAÚTF, is é sin iompar intíre (seachas eitlíocht), foirgnimh, talmhaíocht, dramhaíl agus tionscail bheaga. Sna hearnálacha sin, ní mór astaíochtaí GCT a laghdú 40 % faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2005, agus spriocanna laghduithe idir 10 % agus 50 % do na Ballstáit aonair.

Tacaítear le baint amach na spriocanna sin le roinnt beartas agus beart earnáilsonrach, lena n-áirítear an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, agus caighdeáin astaíochtaí CO_2 in iompar de bhóthar agus tacaítear leis trí chistiú ón Aontas, lena n-áirítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Cistí Comhtháthaithe, an Comhbheartas Talmhaíochta, an Ciste don Nuachóiriú nó an Ciste don Nuálaíocht.


In earnáil ÚTAÚTF, tugadh isteach le Rialachán ÚTAÚTF glansprioc uile-Aontais maidir le haistrithe carbóin 310 milliún tona de choibhéis CO_2 faoi 2030. Tá sprioc cheangailteach aonair ag gach Ballstát, ó -47 go +5 mhilliún tona de choibhéis CO_2, agus bainfidh sprioc chomhchoiteann an Aontais amach nuair a chuirtear le chéile iad.

In 2024, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht agus measúnú tionchair mionsonraithe maidir le sprioc 2040 an Aontais, inar moladh glanlaghdú 90 % ar ghás ceaptha teasa i gcoibhneas le leibhéil 1990 faoi 2040.

1.4 Réamh-mheastacháin ar astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa

Léirítear sna réamh-mheastacháin is déanaí ar astaíochtaí agus aistrithe GCT go bhféadfadh glanastaíochtaí in 2030 a bheith 47 % faoi bhun leibhéil 1990, i gcás ina n-áirítear 'le bearta breise' agus nuair a chuirtear astaíochtaí ón eitlíocht idirnáisiúnta agus ón loingseoireacht idirnáisiúnta san áireamh. D'fhéadfadh siad a bheith 51 % faoi bhun leibhéil 1990 dá ndéanfaí astaíochtaí ón eitlíocht agus ón loingseoireacht idirnáisiúnta a eisiamh. Dá bhrí sin, beidh gá le hiarrachtaí breise chun sprioc laghdaithe astaíochtaí -55 % de chuid NDC an Aontais a bhaint amach.

Fíor 3: Glanastaíochtaí GCT stairiúla agus réamh-mheasta iomlána san Aontas



Foinsí: Fardal bliantúil GCT an Aontais Eorpaigh 1990-2022, réamh-mheastacháin astaíochtaí GCT Bhallstáit an Aontais a cuireadh isteach in 2023 agus 2024 faoin Rialachán maidir le Rialachas

1.5 Ullmhacht agus athléimneacht i leith thionchair an athraithe aeráide

Faoin Dlí Aeráide Eorpach, ceanglaítear ar an Aontas Eorpach agus ar na Ballstáit dul chun cinn leanúnach a áirithiú maidir le feabhas a chur ar an acmhainneacht oiriúnaitheach, an athléimneacht a neartú agus an leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 7 de Chomhaontú Pháras.

Mar thoradh air sin, tá raon leathan tionscnamh agus gníomhaíochtaí i Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Oiriúnú don Athrú Aeráide 2021 a bhfuil an Coimisiún Eorpach tiomanta iad a chur i gcrích, agus tá a cur chun feidhme faoi lán seoil [4].

I mí an Mhárta 2024, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) an chéad Mheasúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide[5] ina ndearnadh measúnú ar rioscaí aeráide agus inar sainaithníodh tosaíochtaí beartais le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide agus le haghaidh earnálacha atá íogair ó thaobh na haeráide de. Sainaithníodh 36 mhór-riosca aeráide don Eoraip laistigh de chúig bhraisle: éiceachórais, bia, sláinte, bonneagar agus geilleagar agus airgeadas. Éilíonn níos mó ná leath de na rioscaí aeráide sin níos mó gníomhaíochta anois, agus tá ocht gcinn díobh an-phráinneach. An mhí chéanna, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht maidir le rioscaí aeráide a bhainistiú[6] ina leagtar amach gníomhaíochtaí chun athléimneacht agus ullmhacht a neartú agus chun a shoiléiriú cé atá freagrach as gníomhú.

[4] Tuarascáil ar Chur Chun Feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Oiriúnú don Athrú Aeráide, https://climate.ec.europa.eu/document/download/72286a42-61af-4e8a-a51a-29a58c90274e_en?filename=swd_2023_338_en.pdf
[5] Measúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide — an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil
[6] EUR-Lex - 52024DC0091 - GA - EUR-Lex

Ar deireadh, is príomhthosaíocht de chuid an Aontais i gcónaí é gníomhaíochtaí oiriúnúcháin agus ullmhacht a neartú, mar a léirítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún i mí an Mhárta 2024 agus sna Treoirlínte Polaitiúla ón Uachtarán von der Leyen don Choimisiún Eorpach 2024-2029[7].

1.6 Tacaíocht do thíortha i mbéal forbartha

Le 9 mbliana anuas, tá méadú tagtha ar ranníocaíochtaí maoinithe don troid i gcoinne an athraithe aeráide ón Aontas, óna Bhallstáit agus ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), ó EUR 9.5 billiún in 2013 go EUR 28.5 billiún in 2022. EUR 6.5 billiún a bhí i ranníocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais agus ó BEI in 2022.

As an maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a chuir institiúidí an Aontais ar fáil do thíortha i mbéal forbartha, leithdháileadh 56 % chun críoch maolaithe, 16 % chun críoch oiriúnaithe, agus cumhdaíodh maolú agus oiriúnú araon le 29 % den tacaíocht sin.

Tacaíonn an tAontas le fothú acmhainneachta i dtíortha comhpháirtíochta trí roinnt rialachán, straitéisí, beartas agus clár.

Leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda (Rialachán ICFCI-an Eoraip Dhomhanda)[8], ag a bhfuil buiséad de thart ar EUR 79 mbilliún le haghaidh 2021 go 2027 agus sprioc chaiteachais 30 % le haghaidh na haeráide, tacaítear leis an bhforbairt inbhuanaithe agus leis an troid i gcoinne an athraithe aeráide i measc nithe eile san Afraic Fho-Shahárach, san Áise agus san Aigéan Ciúin agus i gCríocha Mheiriceá agus i dtíortha Mhuir Chairib.

Baineadh úsáid as sin, mar shampla, in 2024 nuair a chuir an tAontas fothú acmhainneachta ar fáil do thíortha tiomnaithe a bhfuil feidhm meaitseála saineolaithe acu chun comhairle thapa shaincheaptha a cheadú maidir le saincheisteanna a thagann chun cinn ina gcuid tuarascálacha débhliantúla trédhearcachta, chomh maith le tacaíocht eile d'fhothú acmhainneachta chun cabhrú le tíortha i mbéal forbartha ina bhfardal GCT agus ina dtuairisciú maidir le tuarascálacha débhliantúla trédhearcachta.

Le Global Gateway, an Straitéis Eorpach nua, cuirtear borradh faoi infheistíocht i naisc chliste, ghlana agus shlána san earnáil dhigiteach, san earnáil fuinnimh agus san earnáil iompair agus chun córais sláinte, oideachais agus taighde a neartú ar fud an domhain. Baintear leas ann as na **huirlisí airgeadais nua** i gcreat airgeadais ilbhliantúil an Aontais 2021-2027. Tá ról lárnach ag an gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI), atá ar cheann de na huirlisí airgeadais faoi Global Gateway, maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe i dtíortha comhpháirtíochta an Aontais lasmuigh den Eoraip. Mhéadaigh roinnt ráthaíochtaí CEFI maoiniú le haghaidh fuinneamh in-athnuaite[9].

Spreagann an tAontas gníomhaíochtaí aistrithe teicneolaíochta in go leor tionscadal um chomhar forbartha. Ar an gcaoi chéanna, tá an tAontas tar éis gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a chomhtháthú ina chomhar forbartha trí chéile, i gcomhréir le Dearbhú Pháras

[7] Treoirlínte Polaitiúla 2024-2029 |An Coimisiún Eorpach (europa.eu).

[8] Rialachán (AE) 2021/lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021R0947

[9] Tuarascáil oibríochtúil 2020 de chuid an Chiste Eorpaigh um Fhorbairt Inbhuanaithe, An Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe, https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/6c93ad22-d299-11ed-a05c-01aa75ed71a1

maidir le hÉifeachtacht Cabhrach agus Chlár Oibre Accra don Ghníomhaíocht. Thairis sin, le Straitéis an Aontais Eorpaigh um an oiriúnú don athrú aeráide réitítear an bealach don Aontas chun dlús a chur lena ghníomhaíocht idirnáisiúnta maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide.

1.7 Sreafaí airgeadais a dhéanamh comhsheasmhach le conair i dtreo astaíochtaí ísle GCT agus le forbairt atá aeráid-dhíonach

Le blianta beaga anuas, tá dul chun cinn nach beag déanta ag an Aontas chun feabhas a chur ar chomhsheasmhacht na sreafaí airgeadais le spriocanna Chomhaontú Pháras ar gach leibhéal. I gcomhréir le hAirteagal 2(1)(c) de Chomhaontú Pháras, rinne an tAontas an t-athrú aeráide a chomhtháthú i gcroílár a chleachtas eacnamaíoch, sóisialta agus forbartha trí thionscnaimh éagsúla intíre agus idirnáisiúnta.

Léiríonn na gníomhaíochtaí sin cur chuige réamhghníomhach maidir le spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach agus rannchuidiú leis an iarracht dhomhanda chun an t-athrú aeráide a chomhrac. Mar chuid den iarracht dhomhanda sin, tá an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a shlógadh ar bhonn intíre agus idirnáisiúnta ó réimse leathan foinsí, ionstraimí agus bealaí (lena n-áirítear ionstraimí chun leas a bhaint as acmhainneacht ollmhór an mhaoinithe phríobháidigh trí úsáid spriocdhírithe a bhaint as maoiniú poiblí) agus ó réimse gníomhaíochtaí lena ndéantar sreafaí airgeadais a ailíniú le haidhmeanna Chomhaontú Pháras.

Chomh maith le tacaíocht a chur ar fáil agus a shlógadh do thíortha atá i mbéal forbartha, tá céimeanna breise á nglacadh ag an Aontas Eorpach chun go mbeidh sreafaí airgeadais comhsheasmhach le conair i dtreo astaíochtaí ísle GCT agus le forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, mar a shonraítear in Airteagal 2(1)(c) de Chomhaontú Pháras. Áirítear ar na céimeanna sin, i measc nithe eile, príomhshruthú a dhéanamh ar mhaolú ar an athrú aeráide agus ar oiriúnú don athrú aeráide i mórchláir chaiteachais uile an Aontais, úsáid a bhaint as an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, cur chun feidhme thacsanomaíocht an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí inbhuanaithe[10] agus sraithe cuimsithí ceanglas maidir le nochtadh comhshaoil, sóisialta agus rialachais is infheidhme maidir le gnóthais neamhairgeadais agus airgeadais, agus maoiniú BEI a ailíniú le prionsabail agus spriocanna Chomhaontú Pháras.

[10] Rialachán - 2020/852 - GA - rialachán maidir le tacsanomaíocht - EUR-Lex (europa.eu)